Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Aibreán 2021
(OR. en)

8219/21

LIMITE

UK 126

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Fógra ón Aontas Eorpach arna dhéanamh i gcomhréir leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, an fógra ón Aontas Eorpach chuig Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann faoin gComhaontú Trádála agus Comhair.

PUBLIC

Leis seo tugann an tAontas Eorpach fógra don Ríocht Aontaithe maidir leis an méid a leanas i dtaca leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ('an Comhaontú Trádála agus Comhair').

## I. ATHBHREITHNIÚ AR LIOSTA NA N-ÚDARÁS INNIÚIL

Cuirtear na sonraí thíos in ionad na sonraí comhfhreagracha a cuireadh in iúl don Ríocht Aontaithe an 29 Eanáir 2021.

**b) Airteagal 690(7)(b)[1]: Fógra maidir leis an údarás atá inniúil de bhua dhlí baile gach Ballstáit chun barántas gabhála a fhorghníomhú;**

An Spáinn

Is é an Dlísheomra Coiriúil (Sala de lo Penal) de chuid na hArd-Chúirte Náisiúnta (Audiencia Nacional) an chúirt Spáinneach atá inniúil chun barántais ghabhála a aithint agus a fhorghníomhú, cé is moite de chásanna nach ndearna an duine iarrtha agóid i gcoinne an bharántais gabhála a d'eisigh údaráis na Ríochta Aontaithe, agus sa chás sin is í an Phríomh-Chúirt Imscrúdaitheach (Juzgado Central de Instrucción) ábhartha a bheadh inniúil.

## II. FÓGRAÍ BREISE EILE

Cuirtear na fógraí thíos leis na fógraí a tugadh don Ríocht Aontaithe an 26 Feabhra 2021.

[1] sean-Airteagal LAW.OTHER 134(7)(b).

**8) Fógra faoi Airteagal 659(4) / Airteagal 690 (2)[2]**

Tugann an tAontas Eorpach fógra, thar ceann na mBallstát seo a leanas, go leathnófar Airteagal 659[3] chuig cuntais arna sealbhú in institiúidí airgeadais nach bainc iad, faoi réir phrionsabal na cómhalartachta:

<u>An Chipir.</u>

**9) Fógra faoi Airteagal 660(5) / Airteagal 690 (2)[4]**

Tugann an tAontas Eorpach fógra, thar ceann na mBallstát seo a leanas, go leathnófar Airteagal 660[5] chuig cuntais arna sealbhú in institiúidí airgeadais nach bainc iad, faoi réir phrionsabal na cómhalartachta:

<u>An Chipir.</u>

**11) Fógra faoi Airteagal 670 / Airteagal 690 (2)[6]**

Tugann an tAontas Eorpach fógra, thar ceann na mBallstát seo a leanas, nach gcuirfear, ar bhonn na cómhalartachta, coinníoll na coiriúlachta dúbailte dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 670(1)[7] i bhfeidhm, ar an gcoinníoll gur a) ceann de na cionta a liostaítear faoi Airteagal 599(4)[8] é an cion a bhfuil an barántas bunaithe air, de réir mar a shainítear é i ndlí an Stáit iarrthaigh, agus b) go bhfuil sé inphionóis sa stát iarrthach le pianbhreith choimeádta nó le hordú coinneála le haghaidh uastréimhse trí bliana ar a laghad:

<u>An Ísiltír.</u>

---

2 sean-Airteagal LAW.CONFISC.4(4) / Airteagal LAW.OTHER.134(2).
3 sean-Airteagal LAW.CONFISC.4.
4 sean-Airteagal LAW.CONFISC.5(5) / Airteagal LAW.OTHER.134(2).
5 sean- LAW.CONFISC.5.
6 sean-Airteagal LAW.CONFISC.15(2) / Airteagal LAW.OTHER.134(2).
7 sean-Airteagal LAW.CONFISC.15(1).
8 sean-Airteagal LAW.SURR.79(4).



PUBLIC